



COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

Plean Corparáideach Chomhairle Contae an Chláir

2024- 2029

Beidh Comhairle Contae an Chláir ina rialtas áitiúil a bheidh gairmiúil, sofhreagrach agus cuimsitheach, a threoróidh forbairt shóisialta, eacnamaíoch, fhisiciúil, tuaithe agus turasóireachta ár gcontae, agus pobail inbhuanaithe mar chroílár aige

www.clarecoco.ie



CLÁR ÁBHAR

Réamhrá	4
Ár gCuspóir, ár bhFís agus ár mBunluachanna	6
Timpeallacht Oibriúcháin	8
Rialtas Áitiúil agus Comhairle Contae an Chláir	16
Ár bPáirtithe Leasmhara	20
Cuspóirí Straitéiseacha 2024-2029	21
Forbairt Eacnamaíoch	22
Forbairt Fhisiceach	24
Forbairt Shóisialta	26
Forbairt Tuaithe	28
Forbairt Turasóireachta	30
Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta	32
Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú	34
Aguisíní	35
Aguisín 1 - Straitéisí/pleananna a mbíonn tionchar acu ar Ghníomhaíochtaí Rialtais	35
Aguisín 2 - Léarscáil Theorainn Thoghcheantar an Chláir	38
Aguisín 3 - Comhairleoirí Contae an Chláir	39
Appendix 4 - Spriocanna don Fhorbairt Inbhuanaithe	40
Appendix 5 - Measúnú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí	41
Aguisín 6 - Príomhtháscairí Feidhmíochta	43



RÉAMHRÁ



Is cúis mhór shásaimh dúinn ár bPlean Corparáideach le haghaidh 2024 go 2029 a chur i láthair ina leagtar amach an creat straitéiseach ina n-oibreoidh Comhairle Contae an Chláir le linn shaolré na Comhairle seo. Is cuid lárnach é an Plean Corparáideach d'aitireacht ghnó an údaráis áitiúil, a thugann príomhghnéithe amhail beartas, eagraíocht, gníomhaíocht oibriúcháin, rialachas agus bainistíocht feidhmíochta le chéile.

Ó glacadh leis an bPlean Corparáideach a bhí ann roimhe seo, tá Stiúirthóireacht Forbartha Turasóireachta nua bunaithe ag an gComhairle seo tar éis DAC Oidhreacht na Sionainne a aistriú chuig an údarás áitiúil. Is í an fhís atá againn le haghaidh 2030 go mbeidh an Clár ina cheann scríbe inbhuanaithe agus bríomhar a mbeidh cáil dhomhanda air, a mbeifear in ann é a bhaint amach agus taisteal ann go héasca, agus a mbeidh cáil air as a acmhainní cultúrtha saibhre, a thírdhreacha iontacha agus fairsinge, an raon an-spéisiúil d'eispéiris iontacha atá ann, agus as an bhfáiltiú agus an fáiltechas den scoth atá ann.

Bainfidh Comhairle Contae an Chláir úsáid as a ról ceannaireachta uathúil chun cur le tréithe agus láidreachtaí an Chontae in éineacht

lena shuíomh straitéiseach, chun an Contae a fheabhsú mar ionad cultúir, turasóireachta oidhreachta agus gnó ar leibhéal réigiúnach/náisiúnta, agus mar an ceann scríbe idirnáisiúnta is fearr le haghaidh infheistíochta agus nuálaíochta, áit a gcaomhnaítear an comhshaol agus an Contae ag iarraidh glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach.

Leagtar amach fíis agus cuspóirí Chomhairle Contae an Chláir sa phlean seo. Sonraítear sa phlean cúig théama straitéiseacha a léiríonn timpeallacht oibre casta agus cónasctha na heagraíochta. Trasghearrann na téamaí seo gach rannóg san eagraíocht agus ár seirbhísí á seachadadh do mhuintir an Chláir. Tá cuspóir straitéiseach ardleibhéil gaolmhar ag gach téama, agus aistríodh gach cuspóir straitéiseach ina ghníomhartha tosaíochta ardleibhéil ar fud na stiúirthóireachtaí.

Ullmhaíodh é i gcomhthéacs na timpeallachta oibriúcháin seachtraí agus inmheánaí atá ann faoi láthair agus an tráth céanna cinntítear solúbthacht chun oiriúnú do chúinsí athraitheacha de réir mar a thagann siad chun cinn. Déanfar machnamh ar athrú aeráide a leabú inár mbeartais agus seirbhísí go léir. Ullmhaíodh an Plean Corparáideach i gcomhar



le Comhairleoirí, Bainistíocht, Foireann agus Páirtithe Leasmhara Seachtracha Chomhairle Contae an Chláir i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha, go háirithe an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, an tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014 agus, de réir oibleagáidí reachtúla na Comhairle faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

agus Comhionannas, 2014 chun deireadh a chur le hidirdhealú, cearta an duine a chosaint agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn. Agus muid ag obair i gcomhpháirtíocht leis na pobail inár gcontae agus lenár bpáirtithe leasmhara, táimid muiníneach gur féidir linn an plean seo a sheachadadh le chéile.



ÁR gCUSPÓIR, ÁR bhFÍS AGUS ÁR gCROÍ-LUACHANNA

Leanfaidh Comhairle Contae an Chláir de bheith ina rialtas áitiúil gairmiúil, freagrúil agus ionchuimsitheach a stiúrfaidh forbairt shóisialta, eacnamaíoch, fhisiciúil, tuaithe agus turasóireachta ár gcontae, agus pobail inbhuanaithe mar chroílár aige.





Ár gCroí-luachanna Corparáideacha

Tá Comhairle Contae an Chláir á treorú ag roinnt croí-luachanna agus an plan seo á chur i bhfeidhm againn agus inár soláthar seirbhíse laethúil..

ÁR gCROÍ-LUACHANNA



ÁR nDAOINE

- Daonlathach
- Ceannaireachta Shibhialta
- Comhpháirtíocht
- Ionchuímsitheacht Shóisialta
- Fás Socheacnamaíoch



ÁR SEIRBHÍSÍ

- Seirbhísí d'Ardchaighdeáin
- Inrochtaineacht
- Uileghabhálacht
- Inbhuanaitheacht
- Éifeachtach & Éifeachtúil



ÁR RIALACHAS

- Trédhearcacht
- Cuntasacht
- Ionracas
- Cothromasach
- Leas an Phobail



TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Forbhreathnú Comhthéacsúil

Tá Contae an Chláir suite ar chósta thiar na hÉireann agus tá daonra 127,938 duine ann (Daonáireamh 2022). Clúdaíonn sé achar 3,450km² agus is é an 7ú contae is mó in Éirinn é. Tá daonra 27,923 duine ag Inis, is é sin baile an chontae (Daonáireamh 2022), rud a fhágann gurb í an baile is mó sa Chlár agus an baile is mó i gCúige Mumhan. Is é an tSionainn, is é sin an 2ú baile is mó sa Chlár, an limistéar gnó is mó taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a bhfuil 12,000 duine fostaithe ann, is mórionad fostaíochta sa réigiún é agus is ann freisin atá Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne.

Tá daonra an Chláir ag éirí níos éagsúla. Is trí ghlanimirce a tharla beagnach dhá thrian (64%) den mhéadú ar an daonra agus tharla an trian eile trí mhéadú nádúrtha.

Tá daonra beagán níos sine i gContae an Chláir ná an meán náisiúnta. Is é 40.1 bliain meánaois duine a chónaíonn sa Chlár i gcomparáid le 38.8 bliain in Éirinn. Tá 17% de dhaonra an Chláir 65+ bliain d'aois i gcomparáid le 15% in Éirinn. Léirigh Daonáireamh 2022 gur tháinig méadú 8% ar dhaonra na ndaoine os cionn 65 bliain i gContae an Chláir, is méadú é sin ó 17,607 duine in 2016 go 21,657 duine, arb ionann é sin agus ardú méadú 4,050 duine. Bíonn tionchar comhréireach ag an méadú seo ar sholáthraithe seirbhíse sa chontae. Agus méid an daonra ag méadú i gcónaí, ní mór dúinn go léir smaoineamh agus pleanáil ar bhealach difriúil. Bíonn tionchar as cuimse ag na méaduithe seo ar sheirbhísí, sa tír ina hiomláine agus i ngach contae araon.

Ar fud an Chláir, tá gréasán an-tarraingteach de bhailte beaga agus sráidbhailte a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le freastal ar chontae tuaithe den chuid is mó. Tá forbairt pobal inbhuanaithe sa dá ionad uirbeacha seo agus gréasán de bhailte beaga agus sráidbhailte ag croílár thosaíochtaí fisiceacha, sóisialta, eacnamaíocha, tuaithe agus turasóireachta an chontae.

De réir Innéacs Díothachta HP 2022 ó Phobal, tá an Clár beagán os cionn an mheánleibhéil náisiúnta rachmais. As na 151 Toghcheantar sa Chlár, tá 5% acu rangaithe mar dhaoine faoi mhíbhuntáiste agus tá 54% eile acu beagán os cionn an mheánleibhéil náisiúnta díothachta, rud a fhágann go bhfuil thart ar 6 cinn as gach 10 Toghcheantar sa Chlár níos mó faoi mhíbhuntáiste ná an meán náisiúnta.

Tá córas iompair bóithre agus iarnróid nua-aimseartha ag an gClár a chinntíonn gluaiseacht éifeachtach earraí agus tréimhsí comaitéarachta níos lú, is é sin go mbíonn tréimhsí comaitéireachta níos lú ná 30 nóiméad ag 67% den lucht saothair. Tá rochtain dhomhanda ag an gClár trí Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne a chinntíonn go bhfuil an Clár ina phríomhthairseach straitéiseach isteach san Eoraip agus go soláthraíonn sé rochtain éasca ar Mheiriceá Thuaidh an tráth céanna.

Sóisialta & Pobail

Is mór ag Comhairle Contae an Chláir an ról ríthábhachtach atá ag pobail áitiúla a chuireann le forbairt leanúnach an Chontae agus le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha ina gceantair áitiúla. Tá a n-athléimneacht cruthaithe ag pobail Chontae an Chláir agus



iad ag freagairt d'éipidéim dhomhanda agus thug siad tacaíocht freisin do dhídeanaithe ón Úcráin sna dálaí is deacra.

Leanann Contae an Chláir de bheith ag éagsúlú agus ag athrú. Tháinig tionchar na coinbhleachta san Úcráin go tapa i ndiaidh na paindéime in 2022. Ó shin i leith, tá ár bpobail tar éis dul i dtaithe ar dhearcadh nua i leith na lánpháirtíochta agus cóiríocht inár gContae á tabhairt do thart ar 5,000 Úcránach ar tugadh Cosaint Shealadach dóibh. Léiríonn faisnéis dhéimeagrafach gur ionann ár bpobal imirceach, lena n-áirítear daoine as an RA agus as an Eoraip, agus beagnach 20% de dhaonra ár gcontae, ar figiúr é sin atá ag teacht leis an treocht náisiúnta. Bhunaigh an Chomhairle Foireann Lánpháirtíochta nua ar leibhéal na nÚdarás Áitiúil sa chuid dheireanach de 2023 agus trí bheith ag obair leis na foirne for-rochtana pobail atá ann cheana, amhail ár nOifigeach Forbartha Tuaithe & Pobail agus ár bhfoireann Seirbhísí d'Úcránaigh, tá sé mar sprioc againn raon cuspóirí a ailíniú ar mhaithe lenár bpobal ar fad.

Chuipe sin tá an Chomhairle ag obair i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir agus Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir chun Plean Spóirt do Chontae an Chláir agus Plean Áineasa Lasmuigh don Chontae a sheachadadh agus róil cheannaireachta ar leith á nglacadh ag gach gníomhaireacht. Tá na pleananna seo ailínithe lenár bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail don Chontae a chuir an LCDC, ar comhpháirtíocht ilghníomhaireachta í sin, i gcrích in 2023. Tá na pleananna Spóirt agus Áineasa dírithe ar rannpháirtíocht a mhéadú ó gach cuid den phobal. Beidh gach plean mar bhonn lenár Straitéis Imirce atá le teacht agus muid ag iarraidh tuiscint nua a chruthú ar ár mbraistint pobail.

Agus muid ag díriú ar na 5 bliana amach romhainn, beidh éileamh níos mó ar thithíocht shóisialta agus ar thithíocht phríobháideach araon. Leanann Comhairle Contae an Chláir de bheith ag freastal ar na héilimh a leagtar amach inár gcuspóirí maidir le 'Tithíocht do Chách'. Oibrímid go dlúth lenár n-ionadaithe tofa, úinéirí talún, gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun réitigh a fhorbairt agus a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais áitiúla, cibé acu is tithe teaghlaigh caighdeánacha iad nó tithe a sheachadtar chun freastal ar riachtanais shonracha. Cé go bhfuil soláthar na tithíochta sóisialta mar phríomhghné dár gcuspóirí leanaimid de bheith ag féachaint ar dheiseanna comhoibríthe chun tithíocht inacmhainne agus suíomhanna le seirbhísí a sholáthar don mhargadh príobháideach. Sna blianta amach romhainn leanfaimid de bheith ag obair chun ár stoc tithíochta a sheancheapadh de réir na gcaighdeán fuinnimh is déanaí agus beidh sé mar aidhm againn 'Scéim na mBloc Coincréite Lochtach' a sheachadadh.

Gníomhaíocht Eacnamaíoch

Tá ár ngnóthaí dúchasacha áitiúla fós mar chnámh droma ár bpobal ar fud an Chontae. Bunaithe ar shonraí CSO 2021 agus ar ghnólachtaí a fhostaíonn níos lú ná 250 duine, tá 9,156 gnó sa Chlár a sholáthraíonn fostaíocht do 23,396 duine. Is iad na príomhearnálacha gnó i measc ár ngnólachtaí dúchasacha áitiúla ná innealtóireacht, turasóireacht, talmhaíocht, miondíol, fáilteachas agus seirbhísí áitiúla. Tá siad mar bhonn ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus is cuid lárnach iad de bheocht ár bpobal áitiúil. Tacaíonn Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) an Chláir leis na gnólachtaí seo a bhfuil sé mar aidhm aici fiontraíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chothú, a n-acmhainneacht easpórtála a



fhorbairt agus cruthú post a éascú. Tacaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil freisin le gnólachtaí a gcleachtas inbhuanaitheachta a fheabhsú agus glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn chun a chinntiú go mbíonn ár ngnólachtaí táirgiúil agus athléimneach i gcónaí, agus an acmhainneacht le haghaidh nuálaíocht gnó nua/atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach á haithint aici.

Tá infheistíocht isteach ó chomhlachtaí ilnáisiúnta atá sásta lonnú sa Chlár fós mar phríomhbhloc tógála dár ngníomhaíocht eacnamaíoch. De réir sonraí CSO 2021, tá 13 gnólacht san iomlán sa Chlár a fhostaíonn níos mó ná 250 duine agus 6,359 duine á bhfostú acu. Is iad na gnáthearnálacha gnó ná seirbhísí eitlíochta, déantúsaíocht, eolaíochtaí beatha, teicneolaíocht leighis, cógaisíocht agus seirbhísí tacaíochta gnó i measc nithe eile. Le blianta beaga anuas, maidir leis na tairbhí eacnamaíocha dearfacha a d'fhéadfadh a bheith ann ó bhonneagar teicneolaíochta a sholáthar trí lárionaid sonraí agus trí acmhainn giniúna fuinnimh ar muir a fhorbairt, d'fhéadfadh siad ár bhfolláine eacnamaíoch a chlaochlú amach anseo.

Turasóireacht

Is croí-earnáil de gheilleagar Chontae an Chláir í an turasóireacht. Tá treo soiléir sainithe ag Straitéis Turasóireachta 2030 ó Chontae an Chláir don turasóireacht sa Chlár. Léiríonn sí spriocanna an rialtais áitiúil, na dtionscal áitiúil agus na bpobal áitiúil agus tá leibhéal nua comhaontaithe bunaithe aici a spreagfaidh comhar agus gníomhartha comhordaithe. Tá coincheap na hinbhuanaitheachta mar bhonn le héiteas iomlán na straitéise agus tá sé leabaithe sna 29 tosaíocht straitéiseacha. Cuireann sé bealach i dtreo leibhéal níos airde

athléimneachta ar fáil, rud atá ríthábhachtach, agus leagann sé béim ar acmhainneacht athghiniúnach na turasóireachta nuair a bhíonn na himreoirí go léir ag obair le chéile chun an fhís chéanna a bhaint amach.

I mí Aibreáin 2023, rith Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae an Chláir rún chun DAC Oidhreacht na Sionainne a aistriú ó Ghrúpa Aerfort na Sionainne chuig an Údarás Áitiúil. D'éascaigh sé sin táthcheangal Chomhairle Contae an Chláir de Chaisleán & Daonpháirc Bhun Raite, de Pháirc Chré-umhaois Chreagán Eoghain, ar Chaisleán Chnapóige agus ar shiopa bronnantais Aillte an Mhothair. Réitigh sé seo an bealach do chuid de na nithe is mó díol spéise do chuairoteoirí sa Chlár a bheith mar chuid de bhainistíocht agus margaíocht phunann turasóireachta i bhfad níos leithne an Chláir a chuimsíonn Eispéireas Aillte an Mhothair, Gairdíní Múrtha agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur, Eispéireas Cuairteoirí Inis agus Ionad Cuairteoirí Theach Solais Cheann Léime."

Le punann Turasóireachta an Chláir, is féidir le bailte agus sráidbhailte áitiúla tairbhe a bhaint as cur chun cinn na turasóireachta agus sreabhadh cuairteoirí ar fud an Chontae chomh maith le bheith ag obair i gcomhar le háiteanna is díol spéise do thurasóirí iad agus le gnólachtaí sa chomharsanacht.

Chun treo agus tairbhe eacnamaíoch na Turasóireachta ar fud an Chontae a neartú tuilleadh, tá Stiúrthóireacht Forbartha Turasóireachta tiomnaithe curtha le chéile ag Comhairle Contae an Chláir, rud a léirítear freisin sna struchtúir pholaitiúla le Coiste tiomnaithe um Beartas Straitéiseach don Fhorbairt Turasóireachta.



Oideachas & Oiliúint

Teastaíonn rochtain ó gach eanáil ghnó ar lucht saothair oilte agus deiseanna chun an lucht saothair atá ann cheana a fheabhsú de réir mar a thagann cleachtais oibre nua chun cinn. Tá an t-ádh ar an gClár go bhfuil sé gar do sheacht n-institiúid 3ú leibhéal ardchaighdeán laistigh de thiomáint 1 uair an chloig. Tá ról ceannaireachta ag Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB) maidir le breisoideachas a chothú agus a éascú trí chúrsaí teastais agus dioplóma ag an leibhéal iontrála, printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna agus tá roinnt dá áiseanna oiliúna lonnaithe sa Chlár.

Athrú Aeráide

Beidh an t-athrú aeráide ina dhúshlán fadtéarmach do gach Údarás Áitiúil, agus beidh gá le breithniú leanúnach ar fud na bhfeidhmeanna agus na seirbhísí go léir. Ní mór don Chlár a bheith athléimneach in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide amach anseo agus ceannaireacht a spreagadh agus a léiriú i leith an Mhaolaithe Aeráide, na Bithéagsúlachta méadaithe agus feasacht ar athrú aeráide a thógáil i measc a muintire. Díreoidh na stiúrthóireachtaí le chéile ar ghníomhú ar son na haeráide inár ngníomhaíochtaí go léir amach anseo. Léiríonn tionscnamh na rannóige um Athrú Aeráide laistigh den Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiceach tiomantas na Comhairle don inbhuanaitheacht agus fanfaidh sé mar chroílár ár spriocanna corparáideacha.

Le glacadh Phlean Gníomhaíochta Aeráide an Chláir 2024-2029, cuireadh ardán ar fáil do Chomhairle Contae an Chláir chun a cuspóirí a ailíniú ar an leibhéal áitiúil leis na cuspóirí a leagtar amach ar an leibhéal Náisiúnta agus Eorpach sna Pleananna Náisiúnta Gníomhaíochta Aeráide 2021-2023 (agus

nuashonruithe ina dhiaidh sin), sa Straitéis Náisiúnta Oiriúnaithe, i dTeoracha éagsúla AE (EED, EPBD), i Margadh Glas an Aontais Eorpaigh & san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin.

Spriocanna don Fhorbairt Inbhuanaithe

Tá an Plean Corparáideach seo ailínithe leis na spriocanna don fhorbairt inbhuanaithe chomh maith le go leor dár gcáipéisí reachtúla lena n-áirítear, an Plean Gníomhaíochta Aeráide, an Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil. Ina ról mar Chosantóir SDG (2023-2024) agus mar Ambasadóir SDG 2024/25, tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta na SDGanna a leabú tuilleadh ina cláir oibre agus ina forbairt beartais, agus tiomantas Chomhairle Contae an Chláir do na Spriocanna don Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGanna) á aithint aici.

Ghlac Éire, mar aon le 193 Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe, na Spriocanna don Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGanna) i mí Mheán Fómhair 2015 mar chuid de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

Ina ról mar Ambasadóir SDG, tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta do na SDGanna a leabú tuilleadh ina cláir oibre. Chun an t-ailíniú idir an Plean Corparáideach agus na SDGanna a thuiscint agus a uasmhéadú, rinneadh measúnú mapála trí úsáid a bhaint as an uirlis um Ghníomhú a Luasghéarú. Cuidíonn an uirlis um Ghníomhú a Luasghéarú le heagraíochtaí a gcuid seirbhísí a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) trí chreat cuimsitheach a sholáthar chun a dtionchar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch a fháil amach, a chur in iúl agus a fheabhsú. Léiríonn toradh an chleachtaidh seo conas a ailíníonn ár bPlean Corparáideach go straitéiseach le



SDGanna spriocdhírthe, agus an tionchar dearfach fairsing a bhíonn ag ár gcuid oibre agus ár seirbhísí á chur in iúl - Aguisín 4

Gné Sheachtrach

Bíonn tionchar ag maoiniú beartais náisiúnta agus ón Aontas Eorpach araon agus clár reachtaíochta ar thimpeallacht oibriúcháin na Comhairle. Tá an plean seo leagtha amach chun na beartais agus na cuspóirí éagsúla a leagtar amach i bpleananna, ráitis nó straitéisí reachtúla, beartais agus reachtaíocht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a chur san áireamh lena n-áirítear an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú, a leagann amach feidhmeanna reachtúla an údaráis áitiúil. Cuireann sé san áireamh freisin ról feabhsaithe na n-údarás áitiúil maidir le forbairt pobail agus eacnamaíoch áitiúil a threorú mar a leagtar amach san Acht Rialtais Áitiúil, 2014.

Tá timpeallacht oibriúcháin sheachtrach na Comhairle neamhchosanta go mór ar imeachtaí idirnáisiúnta, go háirithe ionradh na Rúise ar an Úcráin, corraíl dhomhanda agus éagobhsaíocht eacnamaíoch mar aon le paidéim dhomhanda eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Tá sé cruthaithe ag an gClár go bhfuil sé ar a chumas dul i ngleic leis na dúshlán iomadúla a bhí ann le 5 bliana anuas a bhí le ceannaireacht na Comhairle. Beidh sé i riocht maith sna blianta amach romhainn chun leanúint ar aghaidh ag baint leas as an iliomad rudaí dearfacha ina thimpeallacht oibriúcháin agus ag tabhairt aghaidh freisin ar na tionchair dhiúltacha a eascraíonn as athruithe geopholaitiúla idirnáisiúnta.

In Aguisín 1 tá sceideal táscach de Phleananna agus de Straitéisí a mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíochtaí Chomhairle Contae an Chláir le linn théarma an Phlean Chorparáidigh nua seo.



Gné Inmheánach

Tá cumas na heagraíochta ó thaobh acmhainní airgeadais, acmhainní foirne, struchtúir eagraíochta, oiliúna, teicneolaíochta, rialachais agus cleachtais oibre ríthábhachtach maidir le seachadadh an phlean seo ar fud sé stiúrthóireacht.

Bainistíocht Acmhainní Daonna - Tá lucht saothair oilte díograiseach a dtacaítear leo le forbairt oiliúna agus teicneolaíochtaí cumasúcháin ríthábhachtach chun na straitéisí a leagtar amach sa phlean seo a bhaint amach. Tá Comhairle Contae an Chláir fós tiomanta d'earcú, d'fhorbairt, do thacaíocht agus d'oiliúint ár bhfoirne. Tá sé ríthábhachtach tacú le folláine agus leas fostaithe. Leanfaimid orainn ag soláthar pacáistí oiliúna agus forbartha cuí chun cabhrú lenár gcomhaltaí tofa a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide - Aithníonn Comhairle Contae an Chláir an ról riachtanach atá ag teicneolaíocht faoi láthair agus amach anseo. Tá dul chun cinn teicneolaíochta ag tarlú ar luas gan fasach. Le linn phaindéim Covid-19, rinne Comhairle Contae an Chláir dul chun cinn maidir le digitíú seirbhísí poiblí agus inmheánacha araon. Leanfaidh Comhairle Contae an Chláir uirthi ag cur leis na buanna seo agus ag baint úsáid as an teicneolaíocht chun tacú le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí do mhuintir an Chláir.

Leanfaidh Comhairle Contae an Chláir air ag nuachóiriú a seirbhísí TFC, agus é mar aidhm aici clár digiteach cuimsitheach, dírithe ar dhaoine agus ar an bpobal a sholáthar a sholáthrú seirbhísí ar líne atá slán agus inrochtana. Tacaítear leis an tionscnamh seo le tiomantas chun breisoiliúint a chur ar

fhoireann Chomhairle Contae an Chláir agus na córais dhigiteacha riachtanacha a chur ar fáil dóibh chun seirbhísí níos fearr a sholáthar. Tá tiomantas láidir maidir le sábháilteacht agus príobháideacht ár n-úsáideoirí seirbhíse mar bhonn faoinár seachadadh seirbhíse.

Tá cuspóirí Chomhairle Contae an Chláir ailínithe le straitéisí digiteacha náisiúnta agus Eorpacha araon, lena n-áirítear Deich mBlíana Digiteacha na hEorpa agus Cónascadh Rialtais 2030.

Léirítear tiomantas Chomhairle Contae an Chláir don inbhuanaitheacht freisin inár dtionscnaimh dhigiteacha. Agus an teicneolaíocht á húsáid againn, tá sé mar aidhm againn ár lorg carbóin a laghdú trí réitigh dhigiteacha a ghlacadh a íoslaghdaíonn úsáid pháipéir agus riachtanais taistil. Ní hamháin go bhfuil Comhairle Contae an Chláir ag coinneáil cothrom le dáta le dul chun cinn teicneolaíochta ach tá sí chun tosaigh freisin maidir le seirbhís dhigiteach níos cónasctha, níos éifeachtaí agus níos cuimsithí a chruthú do gach duine sa Chlár.

Leanfaidh Comhairle Contae an Chláir le digitíú feabhsaithe a rolladh amach ar fud na seirbhísí poiblí chun tacú le forbairt Áiteanna Cliste ar fud an Chontae agus cinnteoidimid an tráth céanna go leanfar le seirbhísí atá ar fáil go háitiúil go pearsanta agus ar líne de réir ár nDualgas Earnála Poiblí.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta dá dualgas reachtúil faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 maidir le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a gcuireann sí seirbhísí ar fáil



dóibh a chosaint. Leanfaidh an Chomhairle de mheasúnú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar shaincheistean chearta an duine agus comhionannais a bhaineann le cuspóir agus feidhmeanna na comhairle agus cuirfidh sí na bearta riachtanacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistean sin faoin oibleagáid reachtúil faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 chun deireadh a chur le hidirdhealú, (ar fhorais inscne, stádas pósta, stádas teaghligh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aoise, míchumais, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil) cearta an duine a chosaint agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn (An dualgas Earnála Poiblí um Chiomhionannas agus Cearta an Duine). Tá cur síos ar mheasúnú dhualgas earnála poiblí reatha na Comhairle in Aguisín 5.

Nuálaíocht Ghnó

I dtimpeallacht a bhíonn ag athrú go leanúnach a mbíonn tionchar ag gnéithe seachtracha agus inmheánacha araon uirthi, is mór an t-éileamh atá ar fhreagairt ar athrú. Táimid tiomanta d'iniúchadh a dhéanamh ar ár gcórais, struchtúir agus cleachtais oibre inmheánacha chun a chinntiú go bhfuilimid in ann freagairt d'éilimh seirbhíse.

Chun cabhrú leis sin a bhaint amach, leanann an Fhoireann Nuálaíochta Gnó, ar a bhfuil ionadaithe ó na Stiúrthóireachtaí go léir, le forbairt agus seachadadh seirbhísí a chur chun cinn mar a leagtar amach i Straitéis Nuálaíochta Chomhairle Contae an Chláir, trí ghlacadh lenár dtimpeallacht uathúil, lenár ndaoine agus lenár n-acmhainní chun freastal ar an gClár. Le haghaidh na tréimhse 2024-2029, déanfaidh an fhoireann nuálaíochta tosaíochtaí don nuálaíocht a shainaithint, leagfar tionscnaimh agus gníomhaíochtaí amach le haghaidh

gach tosaíochta mar aon le bealach chun an nuálaíocht a fhíorú trí phlean cur chun feidhme.

Acmhainní Airgeadais

Tá seachadadh an phlean seo ag brath go mór ar struchtúr airgeadais cobhsaí. Leanfaimid orainn ag barrfheabhsú na bhfoinsí ioncain atá ar fáil agus leanfaimid orainn ag iarraidh leithdháileadh 100% den ioncam cánach maoine áitiúil a fháil don Chomhairle seo. Ní mór a admháil go mbeidh tionchar cinnte ag Dálaí Eacnamaíochta Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Áitiúla ar a mhéid is féidir leis an gComhairle a seirbhísí agus a cuspóirí straitéiseacha a sheachadadh. Is cuid ríthábhachtach den phlean seo é an buiséad ioncain bliantúil a ullmhú agus a ghlacadh.

Soláthar Poiblí Glas

Tá an Chomhairle aireach ar Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Sholáthar Poiblí Glas (SPG) 2024-2027 agus an ceanglas atá ar gach comhlacht poiblí, agus a bpleananna corparáideacha á nuashonrú acu, a leagan amach conas a chomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí faoi Straitéis agus Plean Gníomhaíochta SPG an Rialtais. Chun ár n-oibleagáidí maidir le Soláthar Poiblí Glas a chomhlíonadh, glacadh an Straitéis um Sholáthair Poiblí Glas de chuid Chomhairle Contae an Chláir i mí Iúil 2024. Bhí sé seo ag teacht le Cuspóir G2.5 de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Chláir 2024-2029 go n-éilíonn Comhairle Contae an Chláir *'Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais (SPG) a fhorbairt chun a chinntiú go ndéantar SPG a phríomhshruthú trí gach rannóg de Chomhairle Contae an Chláir'*.

Léiríonn straitéis SPG na Comhairle spriocanna agus cuspóirí SPG an Rialtais agus treoir an AE maidir le SPG/maidir le conas is féidir le tairiscintí sonraíochtaí glasa/inbhuanaithe,



critéir dámhachtana ghlasa/inbhuanaithe etc.

Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe (DACanna)

Tá ról an Rialtais Áitiúil tar éis teacht chun cinn faoin Acht Rialtais Áitiúil trína bhféadfaidh an rialtas áitiúil “dul i mbun a leithéid de ghníomhaíochtaí nó bearta a dhéanamh a mheasann sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun leas an phobail áitiúil a chur chun cinn.” Tá roinnt feithiclí sain chuspóra cruthaithe ag Comhairle Contae an Chláir chun roinnt cuspóirí eacnamaíoch, turasóireachta agus cultúrtha a sheachadadh, amhail an glór, DAC na hInise 2040, DAC Thurasóireacht an Chláir.

Rialachas

Feidhmíonn agus coimeádann Comhairle Contae an Chláir na caighdeáin is airde eitice agus rialachais, caighdeáin in oifigí poiblí, bainistíocht ar rialú cothrom agus neamhchlaonta, cloí le reachtaíocht, an cód caiteachais phoiblí agus riachtanais soláthair phoiblí, feabhsú leanúnach ar chaighdeáin, monatóireacht ar fheidhmíocht ghnó agus airgeadais, luach ar airgead a chinntiú ar fud ghníomhaíochtaí uile na Comhairle.

Bainistíocht Riosca

Déanann Comhairle Contae an Chláir athbhreithniú agus forfheidhmiú ar Rialuithe Inmheánacha éifeachtacha agus ar chórais bhainistíochta Riosca ar fud na n-oibríochtaí agus na ngníomhaíochtaí uile.

Sláinte agus Sábháilteacht

Cothaíonn agus tacaíonn Comhairle Contae an Chláir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas na bhfostaithe uile trí Chóras Bainistíochta Sábháilteachta a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

An Ghaeilge

Aithníonn Comhairle Contae an Chláir an ról ríthábhachtach agus na dualgais atá aici faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 agus leanfaidh sí uirthi ag cur forálacha na reachtaíochta i bhfeidhm.


Cuirfimid seirbhísí na Comhairle ar fáil trí Ghaeilge d’aon duine ar mian leo déileáil linn trí Ghaeilge.

Cuirfimid an Ghaeilge chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí agus ár seirbhísí agus trí na bealaí éagsúla meáin agus leanfaimid orainn ag dul i dteagmháil agus ag tacú le pobal na Gaeilge sa Chlár.



RIALTAS ÁITIÚIL AGUS COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR

Struchtúr Oibriúcháin





Feidhmíonn an Chomhairle trína comhaltaí tofa, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bhfeidhmeannacht chun raon beartas, tionscadal agus gníomhaíochtaí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh do mhuintir Chontae an Chláir. Tá Comhairle Contae an Chláir i gcroílár an phobail áitiúil agus cuireann sí seirbhísí ríthábhachtacha áitiúla ar fáil.

Tá 28 Comhalta Tofa (Comhairleoirí) ar an gComhairle ó cheithre Cheantar Bhardasacha a fheidhmíonn le chéile mar bhord na Comhairle ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bhfeidhmeannacht chun beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Sanntar “Feidhmeanna Forchoimeáda” ar leith do na Comhairleoirí faoi reachtaíocht amhail an Buiséad Bliantúil agus na Pleananna Forbartha Contae a ghlacadh agus comhlíonann siad na feidhmeanna seo trí réiteach foirmiúil. Tugann an Fheidhmeannacht agus an Grúpa um Beartas Corparáideach agus cúig Choiste um Beartas Straitéiseach cúnaimh agus comhairle don Chomhairle sa ról beartais seo.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus a fhoireann freagrach as gníomhaíochtaí oibriúcháin Chomhairle Contae an Chláir. Déanann siad maoirsiú ar bhainistíocht agus riarachán laethúil sheirbhísí agus feidhmeanna na heagraíochta agus feidhmíonn siad laistigh de bheartas an Rialtais agus na Comhairle agus an Chreat Dlí a rialaíonn na hÚdarais Áitiúla.

Ceantair Bhardasacha (MDanna)

Leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, bunaíodh Ceantair Bhardasacha, agus, i gcás Chontae an Chláir, tá an Contae roinnte ina cheithre Cheantar Bhardasacha.

- Inis
- Sionainn
- Cill Dalua
- Iarthar an Chláir

Feidhmíonn na Comhairleoirí feidhmeanna forchoimeáda ag féachaint do roinnt feidhmeanna den sórt sin ar dhá leibhéal mar a leagtar amach in Acht 2014. Déanann comhaltaí na n-údarás áitiúil a thoghtar ó na ceantair bhardasacha seo cinntí áirithe maidir leis na ceantair.

An Grúpa um Beartas Corparáideach (CPG)

Soláthraíonn an Grúpa um Beartas Corparáideach (CPG) fóram do chomhordú agus plé ar shaincheistean beartais agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach na Comhairle a bheidh ina chathaoirleach ar an ngrúpa mar aon le cathaoirleach gach ceann de na Coistí um Beartas Straitéiseach agus ionadaí ó aon Bhardas nach bhfuil ar an CPG cheana féin. Cuirfidh an grúpa seo fóram ar fáil do shaincheistean beartais atá lasmuigh





de théarmaí tagartha na gCoistí aonair um Beartas Straitéiseach, agus a théann i bhfeidhm ar an gComhairle ina hiomláine. Tacaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíochta leis an CPG agus téitear i gcomhairle leis maidir le hullmhú an Bhuiséid Bhliantúil agus ullmhú an Phlean Chorporáidigh. Soláthraíonn sé fóram chun comhordú, comhsheasmhacht agus éifeachtacht a chinntiú i bhfeidhmiú fheidhmeanna na Comhairle.

Coistí um Beartas Straitéiseach (SPCanna)

Tá an bonn reachtúil le haghaidh Coistí um Beartas Straitéiseach (SPCanna) leagtha amach in Alt 48 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 arna leasú ag Alt 41 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014.

Cabhraíonn na Coistí um Beartas Straitéiseach leis an gComhairle chun beartas a chruthú agus tá siad struchtúrtha timpeall ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle. Tá siad comhdhéanta de Chomhaltaí Tofa agus ionadaithe ó na Comhpháirtithe Sóisialta agus ó na Leasanna Earnála eile. Tá cúig SPC ag Comhairle Contae an Chláir, is iad sin: -

- **Forbairt Shóisialta**
- **Forbairt Fhísiceach**
- **Forbairt Eacnamaíoch**
- **Forbairt Tuaithe**
- **Forbairt Turasóireachta**

Tá Comhalta Tofa ina chathaoirleach ar gach SPC agus faigheann sé nó sí tacaíocht ó Stiúrthóir Seirbhísí ina réimse freagrachta ar leith. Tá sé de chúram ar an SPC cúnamh agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais. Is ar an gComhairle iomlán, ag gníomhú di mar chomhlacht, a bheidh na cinntí beartais deiridh, áfach.

An Coiste Iniúcháireachta

Ag teacht le Dea-Chleachtas Rialachais Chorporáidigh, tá Coiste Iniúcháireachta neamhspleách bunaithe ag an gComhairle. Is é ról an Choiste tacú leis an gComhairle Tofa trí mheasúnú a sholáthar ar an tuairisciú airgeadais, ar an mbainistíocht airgeadais, ar na próisis iniúcháireachta inmheánaí agus ar na cleachtais bhainistíochta riosca sa Chomhairle. Tá duine neamhspleách ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus tá beirt phearsanra neamhspleácha sa bhreis air. Tá beirt Chomhaltaí Tofa ar an gCoiste Iniúcháireachta freisin. Freastalaíonn oifigigh na Comhairle ar chruinnithe an Choiste de réir mar a iarrtar é sin.

Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla

Ullmhaítear Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla do na Comhaltaí Tofa de réir fhorálacha Alt 51 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Cabhraíonn na tuarascálacha seo leis na Comhaltaí Tofa a bhfreagrachtaí rialachais a chomhlíonadh agus maoirsiú a dhéanamh ar an bhfeidhmeannacht maidir le seachadadh na mbeartas atá ag na comhaltaí tofa a bhfuil cinneadh déanta ag na comhaltaí tofa ina leith agus cuireann siad formhaoirseacht ar fáil do na comhaltaí tofa freisin ar chomhlíonadh fheidhmeanna feidhmiúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh.

Pleananna Bliantúla Seachadta Seirbhíse

Leagtar amach san Acht um Athchóiriú, 2014 an ceanglas chun Pleananna Bliantúla Seachadta Seirbhíse a ullmhú a fheidhmeoidh mar mheicníocht trínar féidir an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air. Leagtar amach leis na Pleananna Bliantúla Seachadta Seirbhíse conas a dhéanfar cuspóirí an Phlean Chorporáidigh a sheachadadh trí straitéisí



agus gníomhartha tacaíochta atá nasctha le gníomhaíochtaí bliantúla na Rannóige faoi gach ceann de na sainchuspóirí a leagtar amach níos déanaí sa phlean seo.

Beidh na Pleananna Bliantúla Seachadta Seirbhíse seo nasctha le próiseas an Chórais Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS), leis an bpróiseas buiséadach agus le táscairí feidhmíochta ábhartha arna bhforbairt ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus

Iniúcháireachta (NOAC), arb é an comhlacht náisiúnta maoirseachta don earnáil rialtais áitiúil é.

Cuirfear an Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse ar fáil de réir an bhuiséid a cheadóidh na Comhairleoirí. Déanfar an buiséad bliantúil a chumadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chumas na Comhairle a cuspóirí go léir a bhaint amach.





ÁR bPÁIRTITHE LEASMHARA

Clare County Council does not operate in isolation. We work in conjunction with communities, other agencies, government departments, voluntary associations and the social partners. Therefore, we have a wide range of stakeholders and partnership is a key feature of the environment in which we operate.

Áirítear ar na príomhpháirtithe leasmhara:

- Ranna rialtais
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)
- Bonneagar Iompair Éireann (TII)
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)
- Tionól Réigiúnach an Deiscirt
- An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Cumainn tithíochta dheonacha
- Cumainn forbartha, coistí na mbailte slachtmhara, etc.
- Údaráis áitiúla eile
- Comhlacht Forbartha Áitiúil an Chláir
- Bord Chomhaontas Aoisbhá an Chláir
- Seirbhísí Óige an Chláir
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Earnálacha Oideachais
- GFT Éireann
- Fiontraíocht Éireann
- Fóntais phoiblí - BSL, Eircom
- An Bord Pleanála
- Coistí um Beartas Straitéiseach
- Foireann agus comhaltaí tofa
- Ceardchumainn
- Comhpháirtíochtaí Áitiúla Sábháilteachta Pobail
- Uisce Éireann
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann
- An Chomhairle Ealaíon
- Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce
- Comhlachais tráchtála
- Lónra Rannpháirtíochta Pobail
- Comhairle na nDaoine Scothaosta
- Grúpa na Sionainne
- Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh agus an Chláir
- CFPÁ
- Grúpaí Ionadaíochta um Chuimsiú Sóisialta
- An Garda Síochána

Tá Comhaontuithe Seirbhíse déanta ag Comhairle Contae an Chláir ina bhfuil sainmhíniú foirmiúil ar sholáthar seirbhísí agus ina n-aontaítear gnéithe ar leith a bhaineann leis na seirbhísí - raon feidhme, cáilíocht agus freagrachtaí - idir an Chomhairle Contae agus tríú páirtithe. Áirítear ar Chomhaontuithe Seirbhíse dá leithéid Fiontraíocht Éireann agus an tÚdarás Sábháilteachta Bia.



CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA 2024-2029

Aithníodh cúig théama straitéiseacha mar chuid d'fhorbairt an Phlean seo a léiríonn timpeallacht oibre chasta agus chónasctha na heagraíochta. Tá feidhm ag na téamaí seo maidir le gach rannóg san eagraíocht agus ár seirbhísí á seachadadh do mhuintir an Chláir. Tá cuspóir straitéiseach ardleibhéil gaolmhar ag gach téama, agus aistríodh gach cuspóir straitéiseach ina bhearta tosaíochta ardleibhéil ar fud na stiúirthóireachtaí.

Tithíocht do Chách

Soláthar tithíochta, idir tithíocht phoiblí agus thithíocht phríobháideach, a éascú sa chontae chun roghanna tithíochta inbhuanaithe, ardchaighdeán agus inacmhainne a sholáthar.

Fás Eacnamaíoch

Timpeallacht eacnamaíoch réamhghníomhach inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh carbóin de a éascú ina mbíonn gnólachtaí lonnaithe, ina bhfásann siad agus ina gcruthaítear fasaíocht inbhuanaithe, rud a thacaíonn leanár bpobail agus a chuireann lenár n-acmhainn eacnamaíoch dá réir sin.

Bonneagar Fisiceach


Príomhbhanneager a sheachadadh, a chothabháil agus a chosaint chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta, fhisiceach, tuaithe agus turasóireachta Chontae an Chláir a éascú ar bhealach a chuireann inbhuanautheacht, sábháilteacht, inrochtaineacht, nasacht agus meas ar an gcomhshaol chun cinn.

Turasóireacht Inbhuanaithe

Beidh an Clár ina cheann scribe inbhuanaithe agus bríomhar a mbeidh cáil dhomhanda air, a mbeifear in ann é a bhaint amach agus taisteal ann go héasca, agus a mbeidh cáil air as a acmhainní cultúrtha saibhre, a thírdhreachta iontacha agus fairsinge, an raon an-spéisiúil a eispéiris iontacha atá ann, agus as an bhfáiltiú agus an fáilteachas den scoth atá ann.

Caighdeán na Beatha

Feabhas a chur ar leas sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch mhuintir an Chláir, agus rochtain do chách ar thithíocht, fastaíocht, oideachas, cúram sláinte, iompar, áineas, áiseann agus gníomhaíochtaí cultúrtha á héascú.



Forbairt Eacnamaíoch



Bearta Tosaíochta Forbairt Eacnamaíoch:

1. Roche a fhorbairt ina Láithreán den Scoth do Dheiseanna, lena n-áirítear tailte a fháil le haghaidh rochtain nua ar an láithreán, margaiócht a dhéanamh ar an láithreán agus rannpháirtíocht pobail, agus an príomhchuspóir atá ann ná fostaíocht inbhuanaithe ar an láithreán a aithint faoi 2027.
2. Cur i bhfeidhm cuspóirí fisiceacha, sóisialta agus eacnamaíocha Straitéis Eacnamaíoch agus Spásúlachta na hInise 2040 a chur chun cinn.
3. Céimeanna a ghlacadh i dtreo réitigh tithíochta príobháidí a sholáthar ar fud an chontae.
4. Maoiniú a fháil agus seachadadh Mhol na Sionainne Amháin a chur chun cinn.
5. Tacú le forbairt na nIonad Sonraí i gContae an Chláir.
6. Cur i bhfeidhm clár tionscadal a bhaineann leis an gClár a chur chun cinn de réir Thuarascáil an Rialtais maidir le Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne, Creatphlean Comhtháite na Sionainne (SIFP) agus limistéar muirí an Chósta Thiar.
7. Dul chun cinn a dhéanamh le hOllscoil Luimnigh maidir leis an iarratas ar Limistéar Forbartha Straitéisí (SDZ) a ainmniú do Chonair Eacnamaíochta an Chláir Theas/UL agus Scéim Pleanála a ullmhú chuige sin.
8. Leanúint ar aghaidh leis an obair chun dul i ngleic le tréigtheacht sa Chontae, Clár Gníomhachtaí CPO a chur chun cinn agus cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Thithe Folmha a chur chun cinn, go háirithe cur chun cinn agus riaradh an Deontais Athchóirithe do Mhaoin Fholamh.
9. Tríd an Oifig Fiontair Áitiúil, tacú le forbairt, táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht na bhfiontar áitiúil agus deiseanna fostaíochta a thacaíonn le beogacht eacnamaíoch ar fud an Chontae a éascú.
10. **MD Inse** Oibriú i gcomhar le gach Stiúrthóireacht agus leis na Comhalachtaí Tofa chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Cheantar Bardasach na hInise a chur chun cinn.



Forbairt Fhisiceach



Bearta Tosaíochta Forbairt Fhisiceach:

1. Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 - 2029 ar bhonn uile-eagraíochta a chomhordú agus a chur chun cinn lena n-áirítear oibriú leis an CARO agus le páirtithe leasmhara ábhartha.
2. A chinntiú go bhfuil córais láidre Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm, ag cur cultúr dearfach S&S chun cinn san eagraíocht agus chun creidiúnú ISO 45001 a chothú agus a leathnú.
3. An Clár ilbhliantúil Infheistíochta & Cothabhála Bóithre a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na Ceantair Bhardasacha.
4. Tacú le seachadadh thionscadail na Comhairle tríd an Oifig um Dhearadh Ginearálta.
5. Seachadadh Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála lena n-áirítear infheistíochtaí leanúnacha caipitil agus Cuid 26 den Phlean Oibríochtaí Dóiteáin & Éigeandála a ghlacadh.
6. Tríd an Oifig um Dhearadh Bóithre, tacú le seachadadh agus cur i bhfeidhm scéimeanna feabhsaithe sábháilteachta, athshlánúcháin agus feabhsaithe agus seachadadh clár agus pleananna ábhartha.
7. Tionscadail tosaíochta bonneagair a sheachadadh tríd an Oifig Bainistíochta Tionscadal, agus cur chuige agus éiteas bainistíochta tionscadail á leabú ar fud na heagraíochta.
8. An Clár Seirbhísí Comhshaoil a chur i bhfeidhm a thugann aghaidh ar ghnéithe ar leith den chomhshaoil i gContae an Chláir.
9. Oibriú le hUisce Éireann chun an próiseas aistrithe a thabhairt chun críche agus an Clár Uisce Tuaithe a Chur i bhFeidhm.
10. **MD Shionainne** Oibriú i gcomhar le gach Stiúrthóireacht agus na Comhaltaí Tofa chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Cheantar Bardasach na Sionainne a chur chun cinn.



Forbairt Shóisialta



Bearta Tosaíochta Forbairt Shóisialta:

1. Tithíocht Shóisialta a Sheachadadh faoi Thithíocht do Chách agus aon scéimeanna eile a d'fhéadfaí a sheoladh faoi Chosaint Idirnáisiúnta.
2. Láithreáin agus tionscadail do dheiseanna a aithint agus a chur chun cinn chun raon réiteach cóiríochta a sholáthar don chontae.
3. An Scéim um Shásamh i leith Bloic Choincréite Lochtacha, cláir Athchóirithe Tithíochta agus Bainistíochta Sócmhainní Tithíochta a fhorbairt.
4. Seirbhísí feabhsaithe do Dhaoine gan Dídean agus Plean nua Cóiríochta don Lucht Siúil a sheachadadh
5. Plean Spóirt Contae a fhorbairt agus raon feabhsuithe caipitil a sheachadadh inár mBonneagar Spóirt.
6. An Fóram Freagartha Pobail a chomhordú agus Straitéis Lánpháirtíochta Imirceach a fhorbairt don Chlár
7. **MD Iarthar an Chláir** Oibriú i gcomhar le gach Stiúirthóireacht agus na Comhaltaí Tofa chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir (LEA Thuaisceart an Chláir) a chur chun cinn.



hi
Healthy
Ireland
Clare



Forbairt Tuaithe



Bearta Tosaíochta Forbairt Tuaithe:

1. Bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil an Chláir (LECP) 2024 go 2030 tríd an gCoiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC) agus an SPC Eacnamaíochta.
2. Tacú le Fóram Forbartha Tuaithe an Chláir chun an próiseas forfheidhmithe, monatóireachta agus meastóireachta do Straitéis Forbartha Tuaithe 2030 an Chláir a threorú.
3. Cur i bhfeidhm na Straitéise Aoisbhá agus an Phlean Gníomhaíochta um Chláir Shláintiúla.
4. Cur i bhfeidhm an Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil tríd an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil agus páirtithe leasmhara pobail.
5. Bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar Reiligi chun cumas agus caighdeán leordhóthanacha a chinntiú.
6. Maoirseacht agus soláthar tacaíochtaí do Chlóis Súgartha Pobail.
7. Comhordú agus bainistiú scéimeanna maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail agus ag Comhairle Contae an Chláir.
8. Tacú leis an nGrúpa Comhordaithe um Fhorbairt Tuaithe agus leis an bhFoireann Seachadta Seirbhísí Caipitil chun seachadadh tionscadal arna maoiniú ag DRCD a chinntiú.
9. Tionscnaimh forbartha pobail agus rannpháirtíochta pobail a chur chun cinn agus tacú leo ar fud an chontae.
10. Leabharlann Contae Nua De Velara a fhorbairt agus a chur chun cinn agus an Dánlann Ealaíne 'Súil' in Inis a bhunú, a fhorbairt agus a chur chun cinn – chun na taibh-ealaíona a aontú leis na healaíona liteartha agus leis na hamharc-ealaíona.
11. Rialachas Corparáideach agus comhlíonadh na gceanglas reachtaíochta a fheabhsú tuilleadh lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, an tAcht um Nochtadh Cosanta agus an tAcht Rialtais Áitiúil.
12. Leanúint ar aghaidh ag aithint agus ag tacú le deiseanna nuálaíochta agus digitithe agus ag cinntiú go gcloítear le dea-chleachtas.
13. **MD Chill Dalua** Cuspóirí straitéis agus phlean oibre MD Chill Dalua a chur i bhfeidhm agus oibriú i gcomhar le gach Stiúirthóireacht agus na Comhaltaí Tofa chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Cheantar Bardasach Chill Dalua a chur chun cinn.



Forbairt Turasóireachta



Bearta Tosaíochta Forbairt Turasóireachta:

1. Tionscadail a sheachadadh faoi Straitéis Turasóireachta an Chláir 2030 ag obair le gníomhaireachtaí, tionscal, Fóram Turasóireachta an Chláir.
2. Forbairt turasóireachta sa Chlár a threorú chun turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt sa chontae.
3. Tionscadail a sheachadadh faoi Straitéis Aillte an Mhothair 2040.
4. Comhtháthú Feithiclí Sainchuspóireacha turasóireachta i gCuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Turasóireachta amháin don Chlár a thabhairt chun críche agus a bhainistiú.
5. Seacht láithreán turasóireachta faoi úinéireacht na Comhairle a bhainistiú agus a fhorbairt.
6. Moil dhigiteacha, leathanbhanda agus Straitéis Dhigiteach a fhorbairt.
7. Plean Bainistíochta Straitéiseach do Gheopháirc Dhomhanda UNESCO Bhoirne agus Aillte an Mhothair a fhorbairt (cúig bliana).
8. **MD Iarthar an Chláir** Cur i bhFeidhm Phlean Tosaíochtaí Straitéiseacha Iarthar an Chláir. Oibriú i gcomhar leis na Stiúrthóireachtaí go léir agus leis na Comhaltaí Tofa chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir (LEA Chill Rois) a chur chun cinn.



Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta



Bearta Tosaíochta Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta:

1. Taca a chur faoi phleananna straitéiseacha agus oibriúcháin na Stiúrtóireachtaí Fisiceacha, Sóisialta, Eacnamaíocha, Tuaithe agus Turasóireachta le Seirbhísí Airgeadais, Acmhainní Daonna agus TFC chun tacú lena gcuspóir a bhaint amach.
2. Cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta 2024-2029 na Comhairle um Chomhionannas agus Cearta an Duine a thabhairt chun críche agus a threorú.
